



# **Straitéis**

## **2021–2025**

Taighde sláinte –  
tionchar a imirt

Arna foilsíú ag:  
An Bord Taighde Sláinte  
Baile Átha Cliath

Cóipcheart:  
An Bord Taighde Sláinte 2021

ISBN: 98-1-966-2-


Is féidir cóipeanna den  
tuarascáil seo a fháil ó:

An Bord Taighde Sláinte  
Teach Grattan  
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2  
DO2 H638  
Éire

**t** +353 1 234 5000  
**r** [hrb@hrb.ie](mailto:hrb@hrb.ie)  
**sg** [www.hrb.ie](http://www.hrb.ie)

# Clár na nÁbhar

Tús Eolais	02
Fís, misean agus cuspóirí straitéiseacha	04
Ár luachanna	05
<b>Cuspóirí straitéiseacha</b>	
1 Taighde a dhéanann difríocht	07
2 Guth neamhspleách	13
3 Sonraí iontaofa	19
4 Timpeallacht rathúil taighde	25
5 Páirtíochtaí idirnáisiúnta táirgiúla	31
6 Barr feabhais eagraíochtúil	35
<b>Aguisín A</b> Próiseas forbartha Straitéis BTS 2021–2025	40



# Tús Eolais

Braitheann gach dul chun cinn sa tsláinte nó sa chúram sláinte ar thaighde ardcháilíochta. Braitheann folláine ár sochaí, go pointe áirithe, ar chaighdeán ár gcórais taighde sláinte. Tá an méid sin fíor ar fud an domhain. Léiríonn fianaise idirnáisiúnta go soiléir gurb iad na tíortha is fearr a dhéanann infheistíocht i dtaighde, a bhfuil meas acu ar rochtain ar shonraí atá iontaofa agus tráthúil agus a dhéanann a gcuid cinntí a bhunú ar fhianaise dhaingean is fearr a oibríonn nuair a thagann dúshlán mhóra sláinte rompu. Mar phríomhghníomhaireacht mhaoinithe do thaighde sláinte in Éirinn, infheistíonn an Bord Taighde Sláinte (BTS) beagnach €50 milliún i dtaighde sláinte gach bliain chun a chinntiú go mbeidh córas taighde sláinte na hÉireann in ann eolas níos fearr a dhéanamh do shláinte agus do chúram sláinte na hÉireann.

Is léir ón bpaindéim COVID-19 go bhfuil nasc láidir idir sláinte daoine agus cumas ár gcórais sláinte agus ár gcórais chúraim shóisialta, agus an geilleagar, dar ndóigh. Cé gur maith go dtuigtear go dteastaíonn geilleagar láidir uainn chun bheith in ann íoc as seirbhísí poiblí, lena n-áirítear ár gcóras cúraim sláinte agus sóisialta, chuir an phaindéim dhomhanda i gcuimhne dúinn go bhfuil daonra sláintiúil agus córas sláinte ardfheidhmíochta agus cúraim shóisialta ríthábhachtach freisin chun go mbeadh geilleagar feidhmiúil ann.

Cabhraíonn taighde linn tuiscint níos fearr a fháil ar dheitéarmaíocht shóisialta agus eacnamaíochta na sláinte, agus conas daoine a choimeád folláin. Tugann sé an t-eolas is gá dúinn chun an bonn eolaíoch de ghallair agus tinnis a thuiscint agus cóireálacha nua agus níos éifeachtaí a fhorbairt. Cuireann sé an fhianaise ar fáil chun cinnteoireacht éifeachtach a áirithiú agus do sholáthar cothrom ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Le scór bliain anuas, tá feabhas suntasach tagtha ar chóras taighde sláinte na hÉireann mar gheall ar infheistíocht agus tiomantas an Rialtais don taighde agus don fhorbairt agus bhí ról lárnach ag an BTS i dtógáil an chórais sin. Ag féachaint chun cinn dúinn, aithnítear sa phlean Rialtais *Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021* ról ríthábhachtach an taighde agus na nuálaíochta chun eolas agus múnlú a dhéanamh ar ár bhfreagairtí sláinte poiblí agus beartais agus ár gcóras sláinte agus cúraim shóisialta á n-athrú as cuimse. Leagtar amach fíс chomhaontaithe i Sláintecare mar aon le plean straitéiseach do chlaochlú sheirbhís sláinte na hÉireann, ag aithint go bhfuil gá lenár gcóras cúraim sláinte a athdhírú chun rochtain chothrom a chinntiú, agus go gcuirtear an cúram is mó ar fáil i suíomhanna cúraim phríomha agus shóisialta.

Chun tacú leis na tosaíochtaí náisiúnta sláinte sin a chur ar fáil, leanfaidh an BTS ar aghaidh le taighde, sonraí agus fianaise a chur chun cinn, lena chinntiú go n-aithnítear taighde mar phríomhghné maidir le sláinte na ndaoine a chinntiú agus, dá bhrí sin, geilleagar feidhmiúil a bheith ann.

Go dtí seo, tá dul chun cinn tábhachtach déanta maidir lenár dtuiscint ar shláinte agus ar chóireáil agus tá feabhsuithe suntasacha tagtha ar bhonneagar taighde sláinte na hÉireann mar gheall ar mhaoiniú ón BTS. Baineadh an méid sin amach a bhí leis an tacaíocht a thugamar do thaighdeoirí cumasacha agus do ghairmithe sláinte cumasacha ar fud earnáil na hacadúlachta agus an chórais sláinte araon.



Is acmhainn aitheanta iontaofa í seirbhís sintéise fianaise an BTS don lucht ceaptha beartais, agus úsáidtear an fhaisnéis a bhailíonn agus a dhéanann an BTS a anailísiú chun tacú le pleanáil seirbhísí i bpríomhréimsí. Le bliain anuas, tá céimeanna suntasacha glactha ag an BTS chun rialachas an taighde sláinte in Éirinn a nuachóiriú agus é a chur ar aon dul le rialacháin Eorpacha agus le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Léiríonn an straitéis réamhbhreathnaitheach seo suíomh uathúil an BTS ag comhéadan na gcóras sláinte, cúraim shóisialta agus acadúil. Cuireann sé leis an obair atá déanta ag an BTS chun tacú le sláinte agus chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí ardchaighdeán.

Forbraíodh an straitéis tar éis próiseas fada rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, mar aon le hionchur ó Phainéal Comhairleach Saineolaithe Idirnáisiúnta. Leagtar amach inti treoir shoiléir don BTS agus tá sí bunaithe ar shé chuspóir idirnasctha agus chomhthacaíochta.

Sna cúig bliana amach romhainn, déanfaidh an BTS:

1. Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde a chuireann le luach na sláinte, an chórais sláinte, na sochaí agus an gheilleagair.
2. A bheith ina ghuth neamhspleách inchreidte don taighde agus don fhianaise, agus a bheith ina cheannaire machnaimh iontaofa.
3. Úsáid sonraí a chur chun cinn agus a chumasú chun beartas sláinte a mhúnlú, feabhas a chur ar sholáthar cúram sláinte, agus tionscnaimh taighde agus nuálaíochta níos leithne a chur chun cinn.
4. Timpeallacht láidir chumasaithe a chruthú do thaighde sláinte in Éirinn.
5. Comhordú, comhoibriú agus rannpháirtíocht Eorpach agus idirnáisiúnta a chothú agus a fheabhsú.
6. An BTS a fhorbairt mar ionad oibre forchéimnitheach, ina dtacaítear lenár ndaoine le bheith nuálach agus freagrúil.

Agus obair ar bun againn chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is mian linn tairbhí praiticiúla le haghaidh beartais agus cleachtas a dhéanamh de thaighde agus d'fhianaise. Bainfidimid é sin amach trí cheannaireacht a sholáthar i dtaighde sláinte agus cúraim shóisialta, fianaise agus sonraí a bhailiú agus a anailísiú, comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chruthú, agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht na hearnála sláinte i dtaighde agus i nuálaíocht. Déanfaimid gníomhaíochtaí brícéireachta eolais agus aistriúcháin a neartú, agus déanfaimid meastóireacht ar na nithe is mó a n-éiríonn leo ar bhonn rialta.

Oibreoidimid i gcomhpháirt leis an bpobal taighde agus le heagraíochtaí taighde eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, leis an aidhm an comhoibriú a chuireann dul chun cinn i dtaighde sláinte ar fáil á fhorbairt againn go gníomhach. Tacaíonn sé sin le cinnteoireacht éifeachtach a chothú agus cuirfidh sé le forbairt ár gcórais sláinte agus cúraim shóisialta.

Thar aon ní eile, tá an BTS tiomanta don mhéid a dhéanaimid agus don tslí a n-oibrímid a chuimsiú. Tá iontaoibh agus muinín an phobail riachtanach chun taighde sláinte éifeachtúil a chur i gcrích. Tá an BTS ar thús cadhnaíochta in Éirinn maidir le rannpháirtíocht an phobail agus na n-othar i dtaighde agus táimid tiomanta do thuilleadh forbartha agus neartaithe a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht leis an bpobal níos leithne thar shaolré Straitéis an BTS 2021–2025. Cuirfidimid guth an phobail, na n-othar agus na gcúramóirí i gcroílár gach a ndéanaimid.

# Ár bhfís

Sláinte níos fearr a chothú trí thaighde, sonraí agus fianaise den scoth.

.....

# Ár misean

Tacú le taighde a chuireann feabhas ar shláinte daoine, a chuireann cúram fianaisebhunaithe chun cinn agus a chruthaíonn réitigh ar dhúshláin shochoáchoa.

.....

## Cuspóirí straitéiseacha 2021–2025



# Ár luachanna

## Ceannaireacht

Táimid ar thús **cadhnaíochta** maidir le caighdeán taighde sláinte agus cúraim shóisialta, fianaise agus sonraí agus le hardú na gcaighdeán sin ar bhonn náisiúnta.

## Neamhspleáchas

Is **guth iontaofa** agus **neamhspleách** muid maidir le fianaise thaighde sa tsláinte agus i gcúram sóisialta.

## Freagracht

Táimid **freagrach** as a chinntiú go bhfuil na caighdeáin is fearr is féidir sa taighde a dhéanaimid a mhaoiniú, an taighde féin a chuirimid i gcrích agus na sonraí a bhainistímid.

## Caighdeán

Tacaímid leis na **caighdeáin cháilíochta** agus na leibhéil ghairmiúlachta is airde i ngach gné d'obair an BTS.

## Freagrúlacht

Táimid iontach nuálach sa chaoi **a bhfreagraímid do riachtanais taighde** na sochaí agus an chórais sláinte.

## Comhoibriú

**Comhoibrímid** go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus oibrímid le raon leathan páirtithe leasmhara thar gach réimse gníomhaíochtaí an BTS.

## Ionchuimsitheacht

Tá sé **mar aidhm againn** réimse éagsúil daoine a chur san áireamh agus dul i ngleic leo san obair a dhéanaimid, agus caitheamh **go ceart cothrom** le gach duine.

Cuspóir  
straitéiseach

1





# Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde a chuireann le luach na sláinte, an chórais sláinte, na sochaí agus an gheilleagair

## Taighde a dhéanann difríocht

Tá an taighde mar bhonn ar an iomaí dul chun cinn sa tsláinte a dhéanann difríocht shuntasach dár saol agus atá mar chrann taca faoi shochaí agus geilleagar buanseasmhach. Imríonn infheistíochtaí an BTS, an fhoinse mhaoinithe is mó i réimse an taighde sláinte agus cúraim shóisialta, ról lárnach i bpobal taighde sláinte nuálach a thógáil agus tacaíocht a thabhairt dó i réimsí na hacadúlachta agus na sláinte chun an t-eolas riachtanach chun tabhairt faoi dhúshláin mhóra sláinte agus chun borradh a chur faoin ngeilleagar.

Le linn na gcúig bliana atá romhainn, cuirfimid punann mhaoiné straitéiseach atá cothrom ar fáil a fhreagróidh do riachtanais an phobail, an chórais sláinte agus cúraim sláinte, agus an gheilleagair. Is ionann sin agus an tacaíocht a thugaimid do réimsí tosaíochta spriocdhírthe a chothromú leis an maoiniú do thionscnaimh thaighde atá go hiomlán faoi stiúir an iniúchóra agus do réimse eile nuálacha i réimse an taighde sláinte a bhfuil borradh fúthu. Ciallaíonn sé freisin go mbeidh gá le comhoibriú le páirtithe eile sa chóras sláinte agus i measc lucht na hacadúlachta chun tacaíocht a chur ar fáil do thionscadail taighde a fhreagraíonn do phríomhdhúshláin straitéiseacha ár gcórais sláinte.

Agus Éire ag bogadh i dtreo múnla cúraim sláinte agus sóisialta comhtháite, ba mhaith linn an taighde a dhéanaimid a mhaoiniú a bheith ábhartha agus inúsáide. Tá an BTS ar thús cadhnaíochta maidir leis an taighde sláinte a dhéanamh níos ionchuimsithí. Leanfaimid orainn de bheith ag tacú leis an ról atá ag an bpobal, na hothair agus na cúramóirí sa taighde, agus cur ar chumas an phobail taighde amhlaidh a dhéanamh freisin. Creidimid go mbeidh torthaí taighde níos fearr ann mar thoradh ar úsáideoirí eolais a chur ag croílár gach céim den taighde a mhaoinímid, ón dearadh go dtí torthaí, ar dhóchúla go gcuirfear i bhfeidhm iad go praiticiúil agus go mbainfidh Éire agus a muintir an tairbhe is fearr as.

# Príomhghníomhartha an BTS

## 1.1

Teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe sa chóras sláinte agus cúraim shóisialta agus le lucht maoinithe eile chun idirphlé a éascú maidir le príomh-shaincheisteanna agus cláir oibre d'fhonn comhoibriú, comhordú agus beartú tosaíochta níos láidre a áirithiú.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**1.1.1** Grúpa idirchaidrimh thaighde sláinte a thionól le ceannairí T&F sa Roinn Sláinte agus i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) d'fhonn idirphlé agus comhordú ar an gclár taighde sláinte a éascú.

**1.1.2** Oibriú go déthaobhach agus ar leibhéal idir-rannach chun taighde sláinte a dhéanamh agus a chur chun cinn laistigh den chlár beartais náisiúnta níos leithne don taighde agus don nuálaíocht.

**1.1.3** Comhoibriú le Gníomhaireacht Sláinte Poiblí an HSC agus le páirtithe leasmhara eile i dTuaisceart Éireann chun gníomhaíochtaí uile-oileáin a chur chun cinn i réimsí leasa choitinn.

## 1.2

Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde a chuireann bonn eolais faoi chinntí agus gníomhartha úsáideoirí eolais i gcóras sláinte agus sóisialta na hÉireann.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**1.2.1** Tacú leis an Roinn Sláinte gníomhartha taighde a chur chun cinn sa phlean *Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021: an Plean maidir le Maireachtáil le COVID-19*, lena n-áirítear i réimsí amhail trialacha clínicíúla, fothú acmhainní agus taighde agus bonneagar sonraí.

**1.2.2** Tionscnamh nua taighde comhoibritheach a chomhdhearadh leis an Roinn Sláinte a fhreagraíonn do riachtanais bheartas sláinte agus cúraim shóisialta na Roinne agus claochlú an chláir Sláintecare agus cúraim shláinte i gcoitinne.

**1.2.3** Tacú le tionscadail taighde feidhmeacha ina dtagann taighdeoirí agus úsáideoirí eolais le chéile chun taighde tráthúil agus ábhartha a chur chun cinn agus barr feabhais a chur ar an aistriúchán eolais i mbeartas agus i gcleachtas.

**1.2.4** Infheistíocht a dhéanamh i dtrialacha clínicíúla agus i staidéir idirghabhála chun barr feabhais agus nuálaíocht a spreagadh agus chun tairbhí a sholáthar d'othair, don chóras sláinte agus don gheilleagar.

## 1.3

Leanúint de thacaíocht a thabhairt do thaighde ardcháilíochta atá faoi stiúir imscrúdaitheora chun eolas nua a chruthú a chabhróidh linn, le himeacht ama, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra sláinte sa tsochaí agus a mbeidh tionchar aige ar an gcúram sláinte amach anseo.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**1.3.1** Raon leathan tionscadal ardcháilíochta arna dtionscnamh ag imscrúdaitheoirí a mhaoiniú a bheidh in ann freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn maidir le cúram sláinte agus sóisialta.

**1.3.2** Meicníochtaí a fhiosrú chun tacú le tionscadail a bhféadfadh riosca níos airde agus brabach níos airde a bheith ag baint leo chomh maith le staidéir ar chruthúnas coincheapa.

**1.3.3** Obair le comhpháirtithe náisiúnta chun tionscadail agus cláir thaighde sláinte atá ábhartha go straitéiseach a chomhchistiú.

**1.3.4** Tacú le líonraí taighde agus le heagraíochtaí a fheabhsaíonn cumas, comhoibriú agus tionchar agus a thugann grúpaí geallsealbhóirí ábhartha le chéile.

## 1.4

Ról a thabhairt don phobal, d’othair agus do chúramóirí i dtaighde a mhaoinítear le BTS d’fhonn a áirithiú go bhfuil sé ábhartha agus inúsáidte agus gur féidir leo athrú cultúir a spreagadh sa chóras taighde.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**1.4.1** Tuairimí an phobail, na n-othar agus na gcúramóirí a chur san áireamh i gcinntí maoinithe an BTS agus i ngníomhaíochtaí eile, i gcás inarb iomchuí.

**1.4.2** Acmhainneacht agus scileanna a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach an phobail, na n-othar agus na gcúramóirí i dtaighde sláinte.

**1.4.3** Tacú le rannpháirtíocht an phobail, na n-othar agus na gcúramóirí sa taighde d’fhonn cáilíocht, ábharthacht agus inúsáidteacht an taighde sláinte a neartú agus fíis agus plean a fhorbairt don chéad chéim eile de thacaíochtaí nuálacha BTS.

**1.4.4** Oibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cleachtais a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht an phobail, na n-othar agus na gcúramóirí sa taighde.

## 1.5

Sármhaitheas i gcleachtais taighde sláinte a chur chun tosaigh trí ardchaighdeáin bainistíochta taighde agus rialachais a mhaoirsiú agus a chur chun cinn.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**1.5.1** A áirithiú go leanfar le dearadh glaonna BTS, athbhreithniú piaraí, próisis roghnúcháin agus faireacháin chun cáilíocht, ábharthacht agus tionchar an taighde atá maoinithe ag an BTS a bhrú chun cinn.

**1.5.2** Tacú le bainistíocht éifeachtach phunann an BTS de dhámhachtainí gníomhacha taighde i gcomhréir le próisis agus beartais dea-chleachtais agus rialachas iomchuí.

**1.5.3** Leanúint de bheith ag forbairt na gcóras teicneolaíochta atá mar bhuntaca le hathbhreithniú piaraí, roghnúchán, bainistiú, rialachas agus gníomhaíochtaí meastóireachta BTS, agus chun dramhaíl taighde a íoslaghdú.

**1.5.4** Taighde ar chlár taighde a fhorbairt agus a sheoladh agus/nó a choimisiúnú chun fianaise a sholáthar leis an aidhm feabhas leanúnach a chur ar chleachtais mhaoinithe taighde an BTS feadh shaolré an mhaoinithe.

**1.5.5** Oibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun deiseanna taighde ar thionscnaimh taighde a chur chun cinn.

## 1.6

Punann chistiúcháin an BTS a thomhas, a mheasúnú agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh uirthi ar bhonn rialta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, ábharthacht, torthaí, tionchar agus toradh ar infheistíocht.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**1.6.1** Plean meastóireachta an BTS a athnuachan chun é a ailíniú le riachtanais straitéiseacha fianaise.

**1.6.2** A áirithiú go mbeidh modheolaíochtaí agus méadracht mheastóireachta BTS i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

**1.6.3** Oibriú i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le tionscnaimh mheastóireachta a thagarmharcálann infheistíochtaí taighde sláinte an BTS.

**1.6.4** Meicníochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun sonraí meastóireachta a chomhtháthú le córais faisnéise BTS eile chun faireachán leanúnach ar chothromaíocht straitéiseach infheistíocht taighde an BTS a éascú.



## Cén chuma a bheidh ar chúrsaí má éiríonn linn?

- Tá cur chuige comhordaithe comhtháite ann i leith taighde sláinte ar an leibhéal náisiúnta.
- Cumasóidh maoiniú an BTS tionscadail taighde uailmhianacha a mbeidh tionchar acu, faoi threoir riachtanais dhaonra na hÉireann agus an chórais sláinte agus cúraim shóisialta.
- Beidh luach sochaíoch intomhaiste curtha ar fáil ag taighde an BTS agus cuideoidh sé sin le forbairt eacnamaíoch in Éirinn.
- Beidh ról tábhachtach ag taighde an BTS maidir le tacú le claochlú an chórais sláinte agus cúraim shóisialta mar chuid de Sláintecare.
- Beidh baint ag an bpobal, ag othair agus ag cúramóirí le taighde sláinte agus beidh a dtuairimí mar bhonn do chinntí maoinithe an BTS agus do ghníomhaíochtaí eile.
- Beidh gníomhaíochtaí taighde uile-oileáin curtha chun cinn i réimsí leasa choitinn.
- Beidh an toradh ar a chuid infheistíochtaí á thomhas ag an BTS agus beidh sé in ann tionchar a ghníomhaíochtaí go léir á léiriú go soiléir.



Cuspóir  
straitéiseach

2



# A bheith ina ghuth neamhspleách inchreidte don taighde agus don fhianaise, agus a bheith ina cheannaire machnaimh iontaofa

## *Guth neamhspleách*

Is é príomhchuspóir an taighde fianaise d'ardcháilíocht atá neamhspleách agus inchreidte a chur ar fáil. Anois, níos mó ná riamh, tá fianaise de dhíth ar lucht ceaptha beartas agus gairmithe sláinte chun bonn eolais a chur faoina gcinntí maidir le beartas cúraim sláinte, seachadadh agus rialáil. Teastaíonn fianaise ó dhaoine aonair freisin, ar féidir leo muinín a bheith acu chun a sláinte féin a bhainistiú.

Le deich mbliana anuas, tá acmhainn náisiúnta a bhfuil ardmheas air curtha le chéile ag an BTS trína sheirbhís sintéise fianaise. Cuireann an tseirbhís seo fianaise inchreidte taighde ar fáil agus tacaíonn sí lena haistriú go cleachtas sláinte, beartas sláinte agus rialáil sláinte. Tá ról lárnach ag an BTS freisin maidir le cumas na hÉireann athbhreithnithe agus sintéis fhianaise a láimhseáil agus maidir le forbairt treoirilínte cliniciúla a threorú. Sna cúig bliana amach romhainn, feabhsóidh an BTS a ról sa réimse seo agus déanfaidh sé iarracht comhordú agus sineirgí níos fearr a bhaint amach idir iad siúd a bhfuil baint acu le sintéis fhianaise ar bhonn náisiúnta, agus é á chur leis an gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Agus méadú ag teacht ar líon na faisnéise sláinte agus ar luas na cumarsáide sa lá atá inniu ann, beidh sé mar aidhm ag an BTS muinín daoine a thuilleamh agus a chothabháil mar ghuth neamhspleách agus inchreidte i leith na fianaise agus na n-aschur a chuirimid ar fáil. Déanfaimid idirphlé le páirtithe leasmhara a éascú freisin mar fhreagairt ar fhorbairtí eolaíochta, teicneolaíochta nó beartais atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil impleachtaí acu ar an tsláinte, ar thaighde sláinte nó ar an gcóras sláinte.

# Príomhghníomhartha an BTS

## 2.1

Seirbhís fhianaise d'ardchaighdeán agus fhreagrúil a chur ar fáil chun tacú le beartas, cleachtas agus meastóireacht don Roinn Sláinte agus do pháirtithe leasmhara eile i gcúram sláinte agus sóisialta.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**2.1.1** Leanúint le punann leathan agus solúbtha táirgí agus seirbhísí fianaise a chur ar fáil don Roinn Sláinte gach bliain.

**2.1.2** Úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí bróicéireachta eolais chun ceisteanna beartais a aistriú go ceisteanna taighde le freagairt i dtáirgí fianaise.

**2.1.3** Treoirlínte córasacha athbhreithnithe idirnáisiúnta a úsáid chun táirgí fianaise a ullmhú.

**2.1.4** Rochtain a chur ar fáil ar Leabharlann Náisiúnta Drugaí an BTS chun cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a chumasú dóibh siúd a oibríonn i réimse úsáid substaintí fadhbacha in Éirinn.

**2.1.5** Leas a bhaint as gníomhaíochtaí nuálacha aistriúcháin eolais chun faisnéis bhunriachtanach a chur ar fáil i bhformáidí inrochtana agus chun an glacadh agus an tionchar is fearr is féidir a imirt ar bheartas agus ar chleachtas.

## 2.2

Athbhreithniú fianaise agus gníomhaíochtaí sintéise náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn agus tacú leo d'fhonn acmhainn a fhorbairt, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais, eolas a dhéanamh do threoirlínte agus treoir a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas agus do chleachtóirí.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**2.2.1** Eolas agus feasacht a chothú ar an tábhacht a bhaineann le fianaise a shintéisiú i measc an phobail, institiúidí cúraim sláinte, lucht ceaptha beartas, cliniceoirí agus taighdeoirí ar oileán na hÉireann.

**2.2.2** Rochtain saor in aisce ar Leabharlann Cochrane a chur ar fáil do dhaoine in Éirinn.

**2.2.3** Tacú le hoiliúint agus le taighde modheolaíochta i sintéis fhianaise, lena n-áirítear maoiniú ó Cochrane Ireland, chun fianaise d'ardchaighdeán a chur ar fáil i réimsí a bhfuil spéis ag úsáideoirí eolais iontu.

**2.2.4** Infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh lena n-éascaítear agus lena bhfeabhsaítear úsáid athbhreithnithe córasacha ardchaighdeán, ábhartha, inrochtana agus fianaise taighde sintéisithe eile chun eolas a dhéanamh do bheartas agus do chleachtas agus chun iad a threorú.

**2.2.5** Meicníocht struchtúrtha a bhunú chun gníomhaíochtaí na ndaoine a bhfuil baint acu le sintéis fhianaise in Éirinn a chomhordú agus a neartú agus chun cur le réim agus le próifíl na hÉireann go hidirnáisiúnta sa réimse seo.

**2.2.6** Comhordú agus foilsiú bearnaí fianaise agus saincheisteanna modheolaíochta a sainathníodh le linn athbhreithnithe córasacha agus tapa a éascú chun gníomhaíochtaí an phobail taighde agus lucht maoinithe taighde a threorú.



## 2.3

Ról ceannasach a imirt maidir le hidirphlé a spreagadh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal, chun freagairt d'fhorbairtí atá ag teacht chun cinn sa taighde, sa tsláinte agus sa tsochaí.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**2.3.1** Scanadh fadbhreathnaitheacht agus ionchais chun forbairtí eolaíochta, teicneolaíochta nó beartais atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh impleachtaí náisiúnta a bheith acu ar an tsláinte agus ar thaighde sláinte a shainaithint.

**2.3.2** Idirphlé oscailte agus díospóireacht oscailte a éascú ionas gur féidir smaointe, tuairimí agus dearcthaí éagsúla a mhalartú maidir le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus atá tábhachtach maidir le taighde sláinte.

**2.3.3** Rannpháirtíocht ghníomhach a thabhairt do thaighdeoirí, do chleachtóirí, don phobal agus do lucht ceaptha beartas, de réir mar is iomchuí, chun comhdhearcadh a fhorbairt agus chun dlús a chur le hathrú i réimsí a bhfuil tábhacht ag baint leo i dtaighde sláinte, i sonraí agus i bhfianaise sláinte.

## 2.4

An BTS a shuí mar fhoinse iontaofa oibiachtúil le haghaidh taighde agus fianaise shláinte chun beartas a threorú, eolas a dhéanamh do chinnteoireacht agus tionchar a imirt ar iompraíocht.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**2.4.1** An tionchar a bhíonn ag an BTS a chur in iúl go soiléir agus go héifeachtach do lucht féachana sainithe d'fhonn feasacht a mhéadú, inchreidteacht a atreisiú agus cur le muinín.

**2.4.2** Tábhacht fianaise agus eolas taighde a chur chun cinn i straitéisí náisiúnta sláinte.

**2.4.3** Feabhas a chur go réamhghníomhach ar phróifíl agus cáil an BTS mar cheannairí machnaimh inár réimsí sainspéise.





## Cén chuma a bheidh ar chúrsaí má éiríonn linn?

- Beidh cur chuige atá struchtúrtha agus comhordaithe ar bhonn náisiúnta ann i leith na sintéise fianaise.
- Beidh sé de chumas ag Éirinn tacú le ceapadh beartas fianaise-bhunaithe i gcúram sláinte agus sóisialta.
- Déanfar taighde agus fianaise a neadú i bpríomhchinntí do sheirbhísí sláinte agus cúraim agus beidh siad mar bhonn agus mar thaca ag straitéisí náisiúnta sláinte.
- Cuirfear le heolas agus feasacht ar thábhacht sintéise fianaise i measc an phobail, institiúidí cúraim sláinte, lucht ceaptha beartas, cliniceoirí agus taighdeoirí ar oileán na hÉireann.
- Aithneoidh daoine, cleachtóirí agus lucht ceaptha beartas fianaise a chuireann an BTS ar fáil agus gníomhóidh siad i leith na fianaise sin.
- Beidh tionchar ar leith ag an BTS ar fhorbairt beartais sláinte, cúraim shóisialta agus taighde agus beidh ról ceannasach aige i dtuiscint na hÉireann ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn i dtaighde atá ábhartha don tsláinte, don chúram sóisialta agus don fholláine.
- Aithneofar an BTS mar cheannaire machnaimh i bpríomhréimsí bainistíochta taighde sláinte, beartais, fianaise agus sonraí.

Cuspóir  
straitéiseach

3



# Úsáid sonraí a chur chun cinn agus a chumasú chun beartas sláinte a mhúnlú, feabhas a chur ar sholáthar cúram sláinte, agus tionscnaimh thaighde agus nuálaíochta níos leithne a chur chun cinn

## Sonraí iontaofa

D'fhéadfadh rochtain níos fearr ar shonraí sláinte agus ar shonraí cúraim shóisialta, agus úsáid níos fearr a bhaint astu, athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a seachadtar cúram sláinte agus ar an gcaoi a mbainistimid ár sláinte féin. Tá neart léirithe ag an BTS cheana féin sa réimse seo, ag treorú forbairt caighdeán náisiúnta sonraí taighde agus ag obair le comhpháirtithe chun rochtain ar mhol sonraí COVID-19 náisiúnta a éascú. Is acmhainn luachmhar náisiúnta iad ár gcórais fhaisnéise sláinte, a sholáthraíonn sonraí ar ardchaighdeán don lucht ceaptha beartas agus do sholáthraithe seirbhíse sna réimsí míchumais, alcóil agus drugaí, agus meabhairshláinte.

Sna cúig bliana amach romhainn, agus i gcomhréir le forbairt straitéise nua náisiúnta um chórais fhaisnéise sláinte ag an Roinn Sláinte, déanfaimid bailiú, comhroinnt, nascáil agus rialachas trédhearcach sonraí sláinte níos fearr a chur chun cinn go náisiúnta. Trí mhol sonraí náisiúnta comhordaithe agus slán a fhorbairt, éascófar úsáid sonraí sláinte agus cúraim shóisialta chun críocha taighde. Cuirfidh an mol ar chumas taighdeoirí agus lucht ceaptha beartas na hÉireann foinsí saibhir, scaipthe sonraí atá ar fáil cheana féin a bhaint agus cumas agus scála an taighde fheidhmigh a mhéadú go tapa. Trí bheith ag obair le comhpháirtithe náisiúnta amhail an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), agus trí rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnaimh Eorpacha a bhfuil an uaimhian chéanna acu, is féidir linn tairbhí suntasacha a bhaint amach, lena n-áirítear bainistiú níos fearr ar acmhainní agus tionscnaimh shláinte níos spriocdhírithe.

Mar eagraíocht a bhfuil dea-cháil uirthi as saineolas agus léargais ar shonraí sláinte, ar thaighde agus ar fhianaise, beidh ról ceannasach ag an BTS i gcur le feasacht agus le tuiscint an phobail ar an tábhacht a bhaineann le barrfheabhas a chur ar a n-úsáid agus a n-athúsáid le haghaidh cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus seirbhís sláinte níos nuálaí a fhorbairt. Beidh ról ríthábhachtach ag an BTS freisin maidir lena áirithiú go nglacfaidh taighdeoirí agus eagraíochtaí gníomhacha cúraim sláinte leis an dea-chleachtas agus leis na caighdeáin is fearr sa bhainistiú sonraí agus sa rialachas. Tá sé sin ríthábhachtach chun leibhéal arda muinte poiblí a choinneáil i dtaighde sláinte in Éirinn.

## Príomhghníomhartha an BTS

### 3.1

Ról ceannasach a imirt le páirtithe leasmhara eile chun an bonneagar agus an comhshaol a chur chun cinn agus a chumasú chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as sonraí sláinte agus cúraim shóisialta agus sonraí staidrimh le haghaidh taighde.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**3.1.1** Tionchar a imirt ar dhearadh, ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta um chórais fhaisnéise sláinte.

**3.1.2** Leas a bhaint as mol sonraí d'Éirinn agus tacú leis an bhforbairt sin, ar mol é lena ndéantar barr feabhais a chur ar rochtain shlán ar shonraí riaracháin agus staidrimh nasctha chun críocha beartais/pleanála agus chun críocha taighde, COVID-19 san áireamh.

**3.1.3** Oibriú i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh AE a thacaíonn le spás coiteann Eorpach do shonraí sláinte d'fhonn malartú sonraí sláinte a chur chun cinn agus tacaíocht a chur ar fáil do thaighde.

**3.1.4** Infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail taighde ina n-úsáidtear anailís thánaisteach sonraí agus nascáil taifead.

### 3.2

Córais fhaisnéise sláinte náisiúnta an BTS a fhás agus a fhorbairt chun sonraí ardchaighdeáin, tráthúla agus ábhartha a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas, do sholáthraithe seirbhíse agus do thaighdeoirí.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**3.2.1** Sonraí riachtanacha a bhailiú, a bhailíochtú agus a thuairisciú chun críocha pleanála beartais agus seirbhíse sna réimsí míchumais, drugaí agus alcóil, agus meabhairshláinte.

**3.2.2** Creat cáilíochta sonraí a cheapadh do na córais náisiúnta fhaisnéise sláinte go léir agus clár oiliúna a chur i bhfeidhm do sholáthraithe sonraí maidir le saincheisteanna cáilíochta sonraí.

**3.2.3** Leanúint le LINK, ár gcóras bailithe sonraí ar líne, a fhorbairt agus a fheabhsú, agus teagmháil a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an acmhainneacht atá ann maidir le sonraí speisialaithe a bhailiú amach anseo.

### 3.3

Oibriú le comhpháirtithe chun an leas is fearr is féidir a bhaint as sonraí ó chórais fhaisnéise sláinte náisiúnta an BTS chun críocha taighde, agus béim ar leith á leagan ar úsáid alcóil agus drugaí, míchumais agus meabhairshláinte.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**3.3.1** Clár taighde trí bliana a cheapadh a bhaineann le gach córas náisiúnta fhaisnéise sláinte agus comhoibriú le lucht acadúil agus taighdeoirí a fhorbairt lena sholáthar.

**3.3.2** Fóraim bheartais bhliantúla a reáchtáil le lucht ceaptha beartas agus polaiteoirí chun an tuairisciú ó gach córas a chur chun cinn agus a scaipeadh.

### 3.4

Úsáid a bhaint as taighde príomhúil coimisiúnaithe agus as anailís thánaisteach sonraí chun tacú le straitéisí drugaí agus alcóil ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**3.4.1** Na gníomhartha a leagtar amach sa tuarascáil *Reducing Harm, Supporting Recovery – a health-led response to drug and alcohol use in Ireland 2017–2025* a chur i gcrích.

**3.4.2** Eolas fíorasach oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide a bhailiú, a anailísiú agus a thuairisciú ar an gcás, iarmhairtí agus freagairtí i leith drugaí in Éirinn don Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA).

**3.4.3** Ceithre eagrán d'fheasachán an BTS maidir le taighde ar dhrugaí agus beartas an BTS, *Drugnet Ireland*, a fhoilsiú.

**3.4.4** Cuidiú leis an Roinn Sláinte monatóireacht a dhéanamh ar an Acht Sláinte Poiblí (Alcól) 2018 trí shonraí a bhailiú, a bhailíochtú, a anailísiú agus a scaipeadh.

### 3.5

Tacú le hobair rialála an Choiste um Dhearbhú Toiliú Taighde Sláinte (HRCDC) chun rannchuidiú le sonraí sláinte a bheith á n-úsáid ar bhealach trédhearcach, iontaofa agus cosanta, agus ar mhaithe le leas an phobail.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**3.5.1** Tacú le HRCDC ó thaobh riaracháin de, go hoibríochtúil agus go teicniúil, chun cur ar a chumas a fheidhm rialála a chomhlíonadh ar bhealach trédhearcach, gairmiúil agus éifeachtúil.

**3.5.2** Gnó an HRCDC a chur in iúl le trédhearcacht agus soiléire, trí chumarsáid agus rannpháirtíocht leis an bpobal, le grúpaí abhcóideachta othar, le fóraim agus líonraí taighde, agus leis an bpobal taighde níos leithne.

**3.5.3** Cinntiú an HRCDC a chur chun cinn chun an pobal taighde agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na coimircí cosanta sonraí a bhfuiltear ag súil lena gcomhlíonadh, agus faoin tábhacht a bhaineann le trédhearcacht agus le rannpháirtíocht an phobail chun muinín i dtaighde sláinte a chothú.

**3.5.4** Teagmháil ghníomhach a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta eile de réir mar is gá, chun tacú le beartas taighde sláinte agus chun rialachas láidir i dtaighde a chur chun cinn agus chun tacú leis an mbeartas sin.

### 3.6

Ról ceannaireachta náisiúnta a ghlacadh i gcláir oibre sonraí agus taighde oscailte FAIR\* a chur chun cinn. (\*findable, accessible, interoperable and reusable/inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte)

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**3.6.1** Oibriú i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tionscnaimh a fhorbairt agus chun tacú leo chun taighde sláinte FAIR, oscailte atá bunaithe ar shonraí a chur chun cinn in Éirinn.

**3.6.2** Cumas agus treoir a fheabhsú maidir le bainistíocht sonraí agus maoirseacht, coimeád sonraí agus cur i bhfeidhm phrionsabail FAIR laistigh de chóras taighde na hÉireann.

**3.6.3** Seirbhís bhonneagair atá tacúil do Phlean Bainistíochta Sonraí (DMP) a chur chun feidhme, agus obair a dhéanamh chun ceanglais maidir le DMPanna a chomhchuibhiú i measc na bpáirtithe leasmhara go léir.



## Cén chuma a bheidh ar chúrsaí má éiríonn linn?

- Beidh ról ar leith ag an BTS maidir lena chinntiú go dtacaíonn an bonneagar sonraí feidhmeach náisiúnta le taighde ar mhaithe le sláinte, cúram sóisialta agus folláine.
- Beidh an BTS tar éis cur le mol náisiúnta taighde sonraí, le sonraí sábháilte iontaofa sláinte agus cúraim shóisialta a chur ar fáil agus caighdeáin a leagan síos maidir le húsáid éifeachtach shlán sonraí.
- Beidh Éire ina comhpháirtí gníomhach i dtionscnaimh AE a thacaíonn le spás coiteann Eorpach do shonraí sláinte agus a chuir bonn eolais faoi straitéis na hÉireann um chórais fhaisnéise sláinte náisiúnta.
- Úsáidfear córais fhaisnéise sláinte náisiúnta an BTS chun tacú le beartas, pleanáil agus soláthar seirbhísí agus le taighde feidhmeach a fhorbairt.
- Beidh sonraí agus fianaise BTS bunaithe ar chur chun feidhme na straitéisí náisiúnta drugaí agus alcóil.
- Tuigeann othair, an pobal, taighdeoirí agus lucht ceaptha beartas an tábhacht a bhaineann le sonraí a chomhroinnt chun feabhas a chur ar chinnteoireacht agus ar bheartas maidir le sláinte agus cúram sóisialta, agus beidh muintín acu as an gcaoi a n-úsáidtear sonraí sláinte le haghaidh taighde.
- Beidh taighde agus sonraí sláinte in Éirinn oscailte agus FAIR.





**Cuspóir  
straitéiseach**

**4**



# Timpeallacht láidir chumasaithe a chruthú do thaighde sláinte in Éirinn

## *Timpeallacht rathúil taighde*

Tá gá le timpeallacht thacúil agus chumasaithe ina bhféadtar borradh a chur faoi thaighde sláinte d'ardcháilíocht lena gcuirtear luach ar fáil. Tá go leor gnéithe riachtanacha aige sin, lena n-áirítear taighdeoirí oilte, rochtain ar bhonneagar agus ar shaineolas iomchuí, agus beartais lena dtacaítear le dea-chleachtas taighde agus lena bhfeabhsaítear an dea-chleachtas sin. Tá sé ríthábhachtach go n-oibríonn an BTS lena chinntiú go gcuirfear maoiniú agus tacaíocht do thaighdeoirí sláinte agus do bhonneagar taighde na hÉireann ar fáil go héifeachtach agus go ndéanfar taighde de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh rialachais, cáilíochta agus eitice de. Dá bharr sin, beidh Éire in ann freagairt níos fearr a chur ar fáil ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair, agus na riachtanais rialála agus cháilíochta a bhaineann le córas taighde bríomhar a chomhlíonadh.

Ar an leibhéal náisiúnta, bhí ról ceannaireachta ag an BTS maidir le bearnaí i mbeartas taighde, infreastruchtúir agus beartas taighde a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Sna cúig bliana amach romhainn, oibreoidh an BTS le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, rialtóirí, lucht ceaptha beartas, reachtóirí, institiúidí ardoideachais, tionscal agus carthanachtaí chun na gnóthachtálacha sin a chomhdhlúthú, a thacaíochtaí a leathnú agus deiseanna nua a shainaitheint chun go mbeidh rath ar thaighde sláinte in Éirinn.

Leanfaidh an BTS de bheith ag treabhadh leis agus ag obair le daoine eile lena chinntiú go bhforbróidh agus go nglacfaidh an pobal taighde in Éirinn le cleachtais nuálacha. Cuirfidh sé sin staid na hÉireann chun cinn mar áit tharraingteach ina bhféadfar taighde a dhéanamh agus leas a bhaint as comhpháirtíochtaí domhanda.

## Príomhghníomhartha an BTS

### 4.1

Infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i gceannaireacht taighde agus cumas taighdeoirí acadúla agus cleachtóirí sláinte agus cúraim shóisialta a fhorbairt chun freagairt ar riachtanais taighde sláinte atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**4.1.1** Tacú le cláir oiliúna struchtúrtha PhD atá bunaithe ar an gcohort atá ann cheana agus ar an gcohort nua d'fhonn cur leis an gcumas agus leis an scála i réimsí an riachtanais atá ann faoi láthair nó atá ag teacht chun cinn.

**4.1.2** Deiseanna forbartha gairme a chur ar fáil do thaighdeoirí iardhochtúireachta ó chúlaí acadúla agus sláinte chun cumas náisiúnta i dtaighde sláinte feidhmeach a fheabhsú.

**4.1.3** Deiseanna a chur ar fáil d'imscrúdaitheoirí atá ag teacht chun cinn agus d'eolaithe clinici atá ag teacht chun cinn iad féin a bhunú mar imscrúdaitheoirí neamhspleácha agus eolas inghníomhaithe a ghiniúint le haghaidh beartais agus cleachtais.

**4.1.4** Ceannaireacht straitéiseach taighde a chur chun cinn agus a leabú i suíomhanna sláinte agus acadúla, ag obair i ndlúthchomhar le húsáideoirí eolais.

**4.1.5** Oibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun oiliúint a éascú agus deiseanna a mhalartú lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí scileanna atá ailínithe le creat gairme taighde an BTS agus le straitéis fhoriomlán an BTS.

### 4.2

Ag obair le comhpháirtithe, infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar comhordaithe trialacha cliniciúla chun sochair d'othair agus an clár oibre nuálaíochta a chur ar fáil, agus le comhtháthú feabhsaithe sa chóras sláinte.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**4.2.1** Oibriú saoráidí taighde cliniciúla atá sábháilte agus bríomhar a chómhaoiniú agus a rialachas a fhorbairt tuilleadh.

**4.2.2** Tacú le líonraí trialacha cliniciúla i réimsí téamacha éagsúla atá mar bhonn agus mar thaca ag stiúradh trialacha cliniciúla il-ionaid ardcháilíochta.

**4.2.3** Meicníocht chomhordaithe le haghaidh trialacha cliniciúla il-ionaid ar ardchaighdeán a áirithiú, chun caighdeán thimpeallacht na dtrialacha cliniciúla agus a n-íompraíocht in Éirinn a fheabhsú.

**4.2.4** Tacú le hoiliúint i ndearadh agus seachadadh dhearadh trialach bunúsach agus casta araon, agus taighde ar mhodheolaíocht na trialach agus ar thuairisciú a chur chun cinn.

**4.2.5** Ábharthacht agus tionchar leanúnach infheistíocht an BTS i mbonneagar trialacha cliniciúla a áirithiú trí mhaoirseacht agus saintreoir.

**4.2.6** Teagmháil a dhéanamh leis an nGréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach (ECRIN) chun rochtain a fháil ar a chuid uirlisí agus seirbhísí chun tacú le rannpháirtíocht na hÉireann i dtrialacha uile-Eorpacha.

### 4.3

Ról ceannasach a ghlacadh chun páirtithe leasmhara a thionól chun dearadh, forbairt agus cur chun feidhme bonneagar náisiúnta comhroinnte taighde ardchostais a chur chun cinn, lena n-áirítear i réimsí na bithbhaincéireachta agus an taighde ghéanómaíoch.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**4.3.1** Fóram de pháirtithe leasmhara náisiúnta a thionól chun treochlár agus plean costáilte a fhorbairt le haghaidh bithbhaincéireachta in Éirinn, plean a thacaíonn le cuspóirí níos leithne sláinte agus taighde Rialtais araon.

**4.3.2** Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Sláinte, FSS agus daoine eile chun deiseanna agus comhéadain a fhiosrú le haghaidh infheistíochtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i dtaighde géanómaíoch agus i réimse an leighis phearsantaithe.

**4.3.3** Plé a dhéanamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar bonneagair taighde atá ann cheana nó atá beartaithe a mhaoiniú, a rialú agus a oibriú.

## 4.4

A bheith i gceannas ar chlaochlú an chórais eitice taighde náisiúnta in Éirinn chun creat athbhreithnithe láidir, éifeachtach agus trédhearcach a chur ar fáil a chuireann muinín na bpríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal, chun cinn.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**4.4.1** An Oifig Náisiúnta do Choistí Eitice Taighde a bhunú mar oifig chomhréidh iontaoifa sa tseirbhís phoiblí.

**4.4.2** Comhpháirtíocht leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) agus leis an Roinn Sláinte chun treochlár a cheapadh lena gclaochlú go córas náisiúnta athbhreithnithe eitice taighde d'fhonn ullmhacht náisiúnta a áirithiú don Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla AE agus don Rialachán maidir le Feistí Leighis, atá ar feitheamh.

**4.4.3** Coiste eitice taighde náisiúnta (NREC) a bhunú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh Trialacha Cliniciúla de Tháirgí Íocshláinte Imscrúdaitheacha (CTIMPanna) agus d'Fheistí Leighis, mar aon le Coiste Achomhairc.

**4.4.4** Tacú le NREC COVID-19 chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht iomchuí ar a thaighde formheasta mar chuid bhuanseasmhach den fhreagairt náisiúnta chomhordaithe taighde.

**4.4.5** Ceannaireacht mhachnaimh a bhunú ón Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde i réimse na heitice taighde trí fhaisnéis iontaoifa a sholáthar, trí phlé a shíolú, agus trí dhíospóireacht a chur chun cinn.

## 4.5

In éineacht le comhpháirtithe náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta, beartais, rialacháin agus nósanna imeachta a bhaineann le taighde sláinte a fhorbairt agus a mhúnlú, agus tacú lena gcur chun feidhme in Éirinn.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**4.5.1** Forbairt agus glacadh leis an gcleachtas is fearr a threorú i réimsí beartais a bhaineann le taighde sláinte in Éirinn.

**4.5.2** Oibriú trí líonraí domhanda, maoinitheoirí agus comhlachais chun clár oibre coiteann agus seasaimh maidir le beartas taighde sláinte a chur chun cinn.

**4.5.3** Tionchar a imirt ar rialáil atá ábhartha ó thaobh taighde de agus ar fhorbairtí reachtacha go hidirnáisiúnta trí aighneachtaí a dhéanamh chuig eagraíochtaí ábhartha Eorpacha agus comhlachtaí reachtacha ábhartha atá dírithe ar bheartas, agus trí rannpháirtíocht sna heagraíochtaí agus sna comhlachtaí sin.





## Cén chuma a bheidh ar chúrsaí má éiríonn linn?

- Beidh sé de chumas ag Éirinn freagairt do riachtanais taighde sláinte atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn.
- Beidh bonneagar comhordaithe comhtháite le haghaidh trialacha cliniúla i bhfeidhm in Éirinn, rud a chuirfidh sochair ar fáil d'othair agus don chlár oibre nuálaíochta.
- Feidhmeoidh Éire go fabhrach in éineacht le tíortha eile na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) i gcáilíocht a cuid trialacha cliniúla, agus gach triail cláraithe agus gach toradh tuairiscithe.
- Beidh straitéis náisiúnta taighde ghéanómaíochta curtha i bhfeidhm ag Éirinn, straitéis a bheidh comhtháite leis an gcóras cliniúil agus le bonneagar náisiúnta bithbhaincéireachta.
- Beidh an BTS i dteagmháil le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun meicníochtaí agus bonneagar a shainithint agus a chur i bhfeidhm chun tacú le hoiliúint scileanna.
- Bunófar an Oifig Náisiúnta do Choistí Eitice Taighde mar oifig chomhréidh iontaofa sa tseirbhís phoiblí.
- Aithneofar go mbeidh tionchar ag Éirinn ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr i mbeartas taighde sláinte agus go nglacann sí an cleachtas sin.

Cuspóir  
straitéiseach

5





# Comhordú, comhoibriú agus rannpháirtíocht Eorpach agus idirnáisiúnta a chothú agus a fheabhsú

## *Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta táirgiúla*

Is dúshlán dhomhanda iad go leor de na dúshlán sláinte agus sochaíocha is mó atá romhainn agus is trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht idirnáisiúnta amháin is féidir aghaidh a thabhairt orthu. Níl sna paindéimí agus an t-athrú aeráide ach dhá shampla de réimsí ina bhfuil taighdeoirí ar fud an domhain ag teacht le chéile chun teacht ar réitigh. Is féidir leis an bpobal taighde in Éirinn a chion féin a dhéanamh trí bheith ag obair le comhpháirtithe i dtíortha eile san Eoraip agus ar fud an domhain chun difear a dhéanamh do shaol daoine.

Is iad foirne idirnáisiúnta a oibríonn le chéile a dhéanann an chuid den taighde is fearr agus is táirgiúla. I gcás tíortha beaga ar nós na hÉireann, cruthaíonn comhoibriú an deis leas a bhaint as acmhainní ar scála níos leithne agus as saineolas níos leithne chun rudaí nach bhféadfaí a dhéanamh astu féin a bhaint amach. Na deiseanna a chuirtear ar fáil le maoiniú Eorpach agus idirnáisiúnta, is céim ar an aistear iad maidir le rannpháirtíocht i dtionscadail taighde níos mó. Tar éis an Bhreimeachta, beidh sé níos tábhachtaí fós go gcoinneoidh Éire a naisc leis an Ríocht Aontaithe, agus comhpháirtíochtaí agus líonraí nua á bhfás agus á bhforbairt ar fud na hEorpa.

Sna cúig bliana amach romhainn, tacóidh an BTS le pobal taighde na hÉireann dul san iomaíocht le haghaidh maoiniú ón AE agus ó chistéid idirnáisiúnta. Oibreimid le lucht ceaptha beartas agus le páirtithe leasmhara eile rialtais, lena n-áirítear sa soláthar seirbhísí, chun sineirgí agus deiseanna a aithint maidir le rannpháirtíocht náisiúnta i dtionscnaimh taighde agus bheartais, agus ceannaireacht ar na tionscnaimh sin, ar féidir leo an tsláinte, an taighde sláinte agus cuspóirí rialtais níos leithne a chur chun cinn. Ar an gcaoi sin, tabharfaidh an BTS tús áite do chomhpháirtíochtaí a bhfuil láidreachtaí seanbhunaithe an taighde sláinte ar fud oileán na hÉireann mar bhonn acu agus foghlaim ó thíortha a bhfuil córais sláinte agus dúshlán den chineál céanna acu a uasmhéadú.

# Príomhghníomhartha an BTS

## 5.1

Comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chruthú le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta chun dul i ngleic le dúshlán dhomhanda sláinte agus saincheisteanna casta sochaíocha agus próifíl na hÉireann a neartú mar gheilleagar eolais.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**5.1.1** Oibriú leis an Aontas Eorpach (AE), leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus leis an bpobal taighde idirnáisiúnta chun éifeachtacht cóireálacha agus vacsaíní do COVID-19 a mheas.

**5.1.2** Na leibhéil reatha rannpháirtíochta le heagraíochtaí agus comhaontais idirnáisiúnta, amhail an AE, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), maidir le taighde sláinte a mhapáil leis an aidhm deiseanna a aithint chun rannpháirtíocht na hÉireann a fheabhsú.

**5.1.3** Deiseanna a shainaitheint chun rannchuidiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe arna nglacadh ag Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe a bhaint amach/ a chur chun feidhme mar chuid de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

## 5.2

Dlús a chur le cláir oibre claochlaitheacha i dtaighde sláinte náisiúnta trí eolas a chur ar fáil do roghanna straitéiseacha agus trí thuiscint shaineolach a choinneáil ar thírdhreach taighde na hEorpa atá ag teacht chun cinn.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**5.2.1** Eolas nua d'ardcháilíocht a chruthú maidir le tírdhreach taighde Eorpach atá ag teacht chun cinn trí scanadh córasach ionchais, agus i gcás inarb iomchuí, scaipeadh na faisnéise sin a chothú agus feabhas a chur ar a ghlacadh leis na príomhpháirtithe leasmhara.

**5.2.2** Páirt a ghlacadh in idirphlé straitéiseach chun teacht ar chomhaontú maidir leis na réimsí inar féidir le tacaíocht agus infheistíocht náisiúnta i dtionscnaimh an Aontais cuspóirí sláinte, taighde sláinte agus cuspóirí rialtais níos leithne a chur chun cinn.

**5.2.3** Na páirtithe leasmhara a thionól chun seasamh agus tosaíochtaí na hÉireann a mhúscailt i réimsí áirithe d'fhonn forbairt agus cur i bhfeidhm chláir oibre straitéiseacha taighde an AE a mhúnlú.

## 5.3

Comhar le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus idirnáisiúnta a neartú, a fhorbairt agus infheistíocht a dhéanamh iontu i réimsí spriocdhírthe den taighde sláinte.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**5.3.1** Luach a chur le hinfeistíochtaí BTS agus le hinfeistíochtaí náisiúnta trí ranníocaíocht na hÉireann do thionscnaimh chomhchistithe AE agus comhpháirtíochtaí AE a mhúnlú, lena n-áirítear Comhpháirtíocht an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Córais Chúraim a Chlaochlú, an Ghníomhaíocht Chomhordúcháin agus Tacaíochta chun nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin a fhorbairt le haghaidh sláine taighde, agus Tionscnaimh Chomhphleanála agus ERA-Nets i ngalair inchinne, aise aistritheacha, frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, leigheas pearsantaithe agus galair neamhchoitianta.

**5.3.2** Rannpháirtíocht na hÉireann a threorú i dtionscnaimh chomhphleanála AE (JPlan) a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo, lena n-áirítear galar néaraimheathlúcháin (JPND), aiste bia fholláin, saol sláintiúil (JPI HDHL) agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (JPI AMR).

**5.3.3** Deiseanna nua a fhiosrú agus an comhar cómhaoinithe agus an comhar beartais atá ann cheana a neartú.

## 5.4

Tacú le pobal taighde sláinte, lucht ceaptha beartas agus contrapháirtithe seachadta seirbhíse na hÉireann dul san iomaíocht go díreach i gcláir mhaoinithe an AE.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**5.4.1** Feasacht a chruthú agus tacaíocht a chur ar fáil do phobal taighde na hÉireann chun páirt a ghlacadh sa chlár maoinithe Fís Eorpach.

**5.4.2** Feasacht a chruthú agus tacaíocht a chur ar fáil do phobal taighde na hÉireann, lucht ceaptha beartas agus a gcomhghleacaithe seachadta seirbhíse chun páirt a ghlacadh sa chlár EU4Health.

**5.4.3** Oibriú laistigh den Líonra Náisiúnta Tacaíochta agus de na líonraí Eorpacha ábhartha chun tacú le pobal taighde, lucht ceaptha beartas agus contrapháirtithe seachadta seirbhíse na hÉireann lánacmhainneacht a ghairíl ó na deiseanna atá ar fáil faoi chláir mhaoinithe eile an AE, agus sineirgí leis na croíchláir sláinte a uasmhéadú.

**5.4.4** Tionchar a imirt ar chláir AE agus idirnáisiúnta um maoiniú taighde sláinte chun an t-ailíniú is fearr a chinntiú idir timpeallachtaí taighde, deiseanna maoinithe amach anseo agus láidreachtaí taighde na hÉireann.

## Cén chuma a bheidh ar chúrsaí má éiríonn linn?

- Beidh ról ag Éirinn in aithint agus meastóireacht a dhéanamh ar chóir leighis éifeachtach le haghaidh COVID-19.
- Beidh comhpháirtíocht faighte ag Éirinn i dtionscadail taighde agus beartais sláinte idirnáisiúnta agus AE a bhfuil aghaidh tugtha acu ar dhúshlán tosaíochta agus réitigh curtha ar fáil acu.
- Aithneofar go bhfuil tuiscint shaineolach ar earnáil thaighde na hEorpa ag an BTS trí scanadh córasach ionchais agus trí rannpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara.
- Cuirfidh ceannaireacht agus treo an BTS le teist láidir na hÉireann maidir le maoiniú taighde sláinte AE agus idirnáisiúnta a chinntiú, lena n-áirítear Fís Eorpach agus an Clár EU4Health.
- Beidh torthaí taighde (foilseacháin, saineolas, líonraí), fianaise agus sonraí a théann chun leasa chórais sláinte agus chúraim shóisialta na hÉireann curtha ar fáil ag comhoibriú taighde idirnáisiúnta a fhaigheann tacaíocht ó BTS.
- Beidh feabhas curtha ag an BTS ar a rannpháirtíocht le haidhmeanna Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (SDGanna) agus beidh sé tar éis cur go mór leis na haidhmeanna sin freisin.

# Cuspóir straitéiseach

# 6



# An BTS a fhorbairt mar ionad oibre forchéimnitheach, ina dtacaítear lenár ndaoine le bheith nuálach agus freagrúil

## *Barr feabhais eagraíochtúil*

Le linn shaolré na straitéise seo, déanfaidh an BTS a chuspóirí soiléire a bhaint amach chun sláinte daoine a fheabhsú trí thaighde, sonraí agus fianaise den scoth. Mar phríomhghníomhaireacht le haghaidh taighde sláinte agus cúraim shóisialta, fianaise agus sonraí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, is é ár gcuspóir mar eagraíocht a bheith ar an eagraíocht is fearr.

Cothóimid ár gcultúr sármhaitheasa eagraíochta – cultúr atá bunaithe ar luachanna comhroinnte a mheallann an tallann is fearr, a ghlacann le hathruithe, a chuireann réitigh nuálacha ar fáil agus a fhéachann go seasta lena féin a athcheapadh. Trí chultúr cáilfochta a leabú san eagraíocht, coinneoidimid, meallfaimid agus cuirimid tacaíocht ar fáil don saineolas agus do na scileanna is fearr trína chinntiú go gcomhlíonann ár gcórais, ár bpróisis agus ár nósanna imeachta na caighdeáin is airde.

Tacóidh ár struchtúir rialachais le cinnteoireacht fheasach agus cuntasach a mbeidh ceannaireacht fhreagrúil, próisis bhainistithe riosca agus comhlíonadh mar bhonn taca léi.

Oibreoidimid chun feabhas a chur ar aitheantas shainiúlacht, tionchar agus chlú an BTS i measc na foirne agus ár bpáirtithe leasmhara, ag cruthú bealaí nua chun dul i bhfeidhm ar an lucht éisteachta/féachana lárnach agus cumas ar fud na heagraíochta chun cumarsáid a dhéanamh le tionchar a fheabhsú.

## Príomhghníomhartha an BTS

### 6.1

Cultúr dearfach eagraíochtúil a chur chun cinn agus na scileanna, na próisis agus na cumais is gá a chur ar fáil dár ndaoine chun riachtanais athraitheacha a fhorbairt, a fheabhsú agus a oiriúnú go leanúnach.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**6.1.1** An fhoireann Acmhainní Daonna BTS a shuí chun díriú go straitéiseach ar fheidhmíocht eagraíochta.

**6.1.2** Plean maidir le lucht saothair rollach a fhorbairt chun scileanna acmhainní a chur ar aon dul le riachtanais leanúnacha an BTS.

**6.1.3** Bealaí oibre solúbtha agus nuálacha a athbhreithniú agus a fhorbairt go réamhghníomhach, lena n-áirítear indéantacht na teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn agus modhanna oibre solúbtha a úsáid.

**6.1.4** Creat uileghabhálach don tsláinte agus don fholláine a fhorbairt.

**6.1.5** Cultúr an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe agus iompar eiticíúil a chur chun cinn i ngach gné d'obair BTS.

### 6.2

Oibriú agus cloí leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh arna dtacú ag Bord ardfheidhmíochta agus a choistí.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**6.2.1** Riosca a bhainistiú go réamhghníomhach d'fhonn deiseanna a uasmhéadú agus tionchar teagmhas díobhálach ar an BTS agus cur chun feidhme a chuspóirí straitéiseacha a íoslaghdú.

**6.2.2** Rialachas faisnéise dea-chleachtais a bhunú agus a chothabháil.

**6.2.3** Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéise agus faisnéis a sholáthar chun tacú leis an gcinnteoireacht.

**6.2.4** Éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a áirithiú.

**6.2.5** Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i rialachas corparáideach dea-chleachtais agus iad a chur chun feidhme.

### 6.3

Luach ar airgead a chur ar fáil agus oibríochtaí airgeadais a bharrfheabhsú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun a áirithiú go mbeidh faisnéis airgeadais atá tráthúil, cruinn agus fóinteach ar fáil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.

#### Gníomhartha cur chun feidhme

**6.3.1** Struchtúir agus córais airgeadais a ailíniú chun tacú go barrmhaith le cuspóirí straitéiseacha an BTS.

**6.3.2** Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus tabhairt faoi chleachtaí tagarmharcála chun a áirithiú go gcomhlíontar an dea-chleachtas.

## 6.4

A áirithiú go mbeidh córais TFC an BTS iontaofa, athléimneach, slán ó chibear-ionsaithe agus dírithe ar an nuálaíocht dhigiteach.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**6.4.1** Ár n-infreastruchtúr TF a aistriú go dtí néal malartach.

**6.4.2** Gach gné dár mbonneagar TF a bhainistiú go réamhghníomhach chun tacú le gnó laethúil.

**6.4.3** Dea-chleachtas a leanúint i réimse an rialachais sonraí.

**6.4.4** Oibriú le hOifigeach Rialachais agus Cosanta Sonraí chun ár gcleachtais sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chothabháil, agus cloí le gach beartas RGCS atá ann cheana.

**6.4.5** A áirithiú go mbeidh ár gcórais inmheánacha agus poiblí slán ó thaobh na cibearshlándála de trí iniúchtaí iomchuí ar shlándáil TFC a dhéanamh.

**6.4.6** A bheith réamhghníomhach i dtaighde agus i gcur chun feidhme nuálaíochtaí digiteacha a thacaíonn leis an eagraíocht.

## 6.5

Spriocanna uailmhianacha maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**6.5.1** Ár spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach agus a shárú, mar atá leagtha síos ag an AE.

**6.5.2** Éifeachtúlacht fuinnimh a leabú inár gcleachtais oibre.

## 6.6

Feabhas a chur ar chumas cumarsáide ar fud na heagraíochta chun cumarsáid a imríonn tionchar a chinntiú.

### Gníomhartha cur chun feidhme

**6.6.1** An cumas cumarsáide a fheabhsú i measc na foirne trí oiliúint, beartas, nósanna imeachta agus sraitheanna uirlisí éifeachtacha, ionas go mbeidh siad in ann cumarsáid a imríonn tionchar a dhéanamh.

**6.6.2** An bonneagar cumarsáide a fhorbairt, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin agus ardáin na meán sóisialta, chun tacú le teachtaireachtaí tábhachtacha.

**6.6.3** Comhoibriú leis an bpobal taighde chun cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar líonra de chraobh don taighde sláinte agus d'fhianaise sláinte.



## Cén chuma a bheidh ar chúrsaí má éiríonn linn?


- Beidh na scileanna, an saineolas agus an cumas ag an bhfoireann le cuspóirí straitéiseacha an BTS a bhaint amach go seasta.
- Aithneofar an BTS mar áit iontach le bheith ag obair inti le réimse éagsúil daoine – rud a fhágfaidh gur fostóir mealltach é le haghaidh gairmithe sna réimse sonraí, taighde agus fianaise.
- Beidh córais agus saoraidí TFC an BTS creidiúnaithe ag comhlacht gairmiúil aitheanta agus beidh siad iontaofa, athléimneach, slán ó chibear-ionsaithe agus dírithe ar an nuálaíocht dhigiteach.
- Aithneofar an BTS mar eagraíocht atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.
- Cuirfidh an BTS aschur atá fiúntach i dtaobh airgid de ar fáil, agus bunófar an chinnteoireacht ar fhaisnéis airgeadais fhóinteach.
- Leanfaidh an BTS dea-chleachtais i dtaobh faisnéise, sonraí agus an rialachais chorparáidigh.
- Beidh tionchar ag na baill fhoirne ina gcumarsáid agus beidh líonra de churaidh don taighde sláinte agus d'fhianaise sláinte ag an BTS.





# **Aguisín A**

## **Próiseas Forbartha Straitéis an Bhoird Taighde Sláinte 2021–2025**



Agus an straitéis seo á forbairt, bhreithnigh an Bord agus an fhoireann feidhmiúcháin feidhmeanna reatha agus éabhlóideacha an BTS agus na hathruithe claochlaithe beartaithe do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann mar chuid de Sláintecare. Bhreithníomar na deiseanna agus na bagairtí atá roimh an BTS faoi láthair fud fad réimsí an taighde, na sonraí agus na fianaise, agus ról an BTS i dtírdhreach atá ag athrú go tapa.

Go himhneánach, rinneamar measúnú ar sheachadadh Straitéis an BTS 2016–2020 agus cuireadh san áireamh leis sin na ceachtanna a foghlaimíodh mar chuid de. Rinneamar rannpháirtíocht fhorleathan lenár bpáirtithe leasmhara agus thionólamar an Painéal Comhairleach Saineolaithe Idirnáisiúnta de dhá dhuine dhéag dár bpiaraí a tháinig le chéile i mBaile Átha Cliath ar feadh trí lá – agus tháinig ionchur luachmhar as le haghaidh próiseas forbartha Straitéis an BTS 2021–2025. Rinne an Bord, an bhainistíocht agus an fhoireann díospóireacht láidir ar na téamaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn le linn an phróisis, rud a d’fhág go raibh treoir straitéiseach don chéad chéim eile den BTS leagtha amach sa doiciméad seo. Tá achoimre thíos ar na príomhghníomhaíochtaí i bpróiseas forbartha Straitéis BTS 2021–2025 agus léirítear iad i bhFíor 1.



Fíor 1: Príomhghníomhaíochtaí i bpróiseas forbartha Straitéis an Bhoird Taighde Sláinte 2021–2025

## Athbhreithniú ar Straitéis an Bhoird Taighde Sláinte 2016–2020

Thug foireann bainistíochta an BTS faoi fhéinmheasúnú ar sheachadadh Straitéis an BTS 2016–2020 go dtí Meán Fómhair 2019 chun na ceachtanna a foghlaimíodh a mheas. Rinne an Bord, an fhoireann feidhmiúcháin agus an Painéal Comhairleach Idirnáisiúnta Saineolaithe na ceachtanna seo a mheas, agus chuir siad eolas ar fáil i gcomhair fhorbairt na straitéise reatha, a chlúdaíonn an tréimhse 2021–2025.

## Athbhreithniú comhthéacs agus comhshaoil

Rinne an BTS measúnú ar an timpeallacht sheachtrach trí úsáid a bhaint as modheolaíocht PESTLE – creat a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar na príomhthosca seachtracha (polaitiúil, eacnamaíoch, socheolaíoch, teicneolaíoch, dlíthiúil agus comhshaoil) a bhfuil tionchar acu ar eagraíocht. Rinneadh measúnú ar an timpeallacht sheachtrach atá ann faoi láthair (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) i gcomhthéacs an taighde sláinte agus sláinte/cúraim shóisialta mar chuid den chleachtadh sin. Sainaithníodh athruithe suntasacha a tharla sna réimsí polaitiúla/beartais, eacnamaíocha, sochaíocha, teicneolaíochta, dlí nó comhshaoil ó forbraíodh an Straitéis roimhe seo, an Straitéis BTS, *Gníomh um Fhianaise Thaighde*, in 2015.

## Próiseas rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara

Chuaigh an BTS i mbun comhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara ina raibh suirbhéanna, cruinnithe duine le duine agus sraith ceardlann ina ndearnadh tuairimí níos mó ná 400 geallsealbhóir a chanbhasáil. Rinneadh na torthaí ó gach comhairliúchán a shintéisiú agus a chomhdhlúthú go cúramach. Tar éis próiseas fairsing físe i gcomhar leis an mBord, leis an bhfoireann bhainistíochta agus le hionadaithe foirne, tháinig roinnt téamaí straitéiseacha chun cinn.

## Painéal Comhairleach Saineolaithe Idirnáisiúnta

Chun cur le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus leas a bhaint as saineolas idirnáisiúnta, ceapadh dhá chomhalta dhéag do Phainéal Comhairleach Idirnáisiúnta Saineolaithe BTS. Is iad seo a leanas téarmaí tagartha an Phainéil:


- Meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an BTS go nuige seo i gcomhthéacs Straitéis BTS 2016–2020.
- Comhairle a thabhairt maidir le treo ionchasach na Straitéise nua, i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, chóras taighde sláinte na hÉireann agus faisnéis eile a chuireann an BTS ar fáil, chomh maith lena gcuid saineolais féin agus dearcthaí idirnáisiúnta a thabhairt.
- Moltaí a dhéanamh maidir le réimsí nua fócais straitéiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann do Straitéis an BTS 2021–2025.

Tar éis dó an-chuid faisnéise a thabhairt, tháinig an Painéal Comhairleach Saineolaithe Idirnáisiúnta le chéile ar feadh trí lá i nDeireadh Fómhair 2019 in oifigí an BTS i mBaile Átha Cliath. Le linn na hócáide, bhí comhaltaí fhoireann ardbhainistíochta an BTS agus beirt ionadaithe Boird ar an bPainéal freisin. Ghlac Bord iomlán an BTS agus ionadaithe ó Stiúrthóireacht Taighde agus Forbartha agus Faisnéisíochta Sláinte na Roinne Sláinte páirt sa Phainéal le haghaidh seisiúin ar leith ar an dara lá den ócáid. Le linn an chruinnithe, chuir an Painéal na doiciméid ar fad a cuireadh ar fáil san áireamh, rinne sé gach ionchur ó pháirtithe leasmhara a mheas, agus roinn sé a saineolas ginearálta ar phríomhréimsí taighde sláinte agus cúraim shóisialta. Ar an lá deiridh, mhol an Painéal naoi dtéama straitéiseacha ionchasacha lena mbreithniú don todhchaí – rud a chuidigh go mór le múnú Straitéis an BTS 2021–2025.

# Nótaí

# Nótaí





---

An Bord Taighde Sláinte  
Teach Grattan  
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2  
DO2 H638  
Éire

---

Health Research Board  
Grattan House  
67-72 Lower Mount Street  
Dublin 2  
DO2 H638  
Ireland

---

t +353 1 234 5000  
r [hrb@hrb.ie](mailto:hrb@hrb.ie)  
sg [www.hrb.ie](http://www.hrb.ie)

 [@hrbireland](https://twitter.com/hrbireland)